

Cárta 1A: Aimsigh na difríochtaí





Cárta 1B: Laochra na gCluichí

A) Damien Mac Einrí

Seo é Damien Mac Einrí. Imríonn Damien mar chúlbáire le foireann iomána Loch Garman. Is cúl báire iontach é. Imríonn sé i lár na páirce leis an gclub, Duffry Rovers. Sa bhliain naoi déag nócha is a sé (1996), bhuaigh Loch Garman Cluiche Ceannais na hÉireann. Sa bhliain sin thóg Damien na poic éirice don fhoireann agus fuair sé dhá chúl. Bhuaigh Damien “All-Star” dhá uair. Tá seachtar déag ina chlann agus is é Damien an duine is óige. Téann sé ag traenáil gach lá.




B) Tomás Ó Sé

Seo é Tomás Ó Sé. Is as an nGaeltacht é Tomás. Imríonn sé sna cúlaithe le foireann Chiarraí. Imríonn a bheirt deartháir, Darragh agus Marc, chomh maith ar an bhfoireann. Is féidir leis an liathróid a chiceáil lena chois chlé chomh maith lena chois dheas. Bhuaigh Chiarraí Cluiche Ceannais na hÉireann dhá uair, dhá mhíle is a ceathair (2004) agus dhá mhíle is a h-aon (2001). Sa bhliain 2004 b'é Tomás an t-imreoir ab'fhearr sa tír. Is peileadóir iontach é.



C) Pól Ó Brádaigh

Seo é Pól Ó Brádaigh. Is as an gCabhán é Pól. Imríonn sé peil le Cabhán agus imríonn sé liathróid láimhe freisin. Is imreoir iontach é. I 2004 bhuaigh sé \$50,000 nuair a bhuaigh sé an “Ultimate Handball Showdown” i gcoinne David Chapman ó Meiriceá. Sa bhliain dhá mhíle is a cúig bhuaigh sé craobh an domhain.




D) Breige Corkery

Seo í Breige Corkery. Imríonn Breige peil agus camógaíocht le foireann Chorcaí. Sa bhliain dhá mhíle is a cúig (2005) bhuaigh sí bonn sa dá Chluiche Ceannais Uile-Éireann. Bhuaigh sí an duais “an bhean is spóirtúla in Éirinn” freisin. Thosaigh sí ag imirt camógaíochta nuair a bhí sí seacht mbliaina d’aois. Is imreoir iontach í.



Cárta 1C: Caint faoi Phictúir



1. Cé mhéad bratach atá ar an ardán? _____
2. Cad atá scríofa ar an bpáirc? _____
3. Ca bhfuil an fear leis an ceamara? _____
4. Cé mhéad imreoir atá ar an bpáirc? _____
5. Cé atá ag imirt an cluiche? _____
6. Cén scór atá ann? _____
7. An bhfuil slua mór ag an gcluiche? _____
8. Conas atá na h-imreoirí gléasta? _____

Scríobh cúig abairt faoin pictúir thuas.



Cárta 1D: Proifíl

Ainm agus Sloinne:	Dáta Breithe agus Aois:
Áit imeartha ar an bpáirc:	Club agus Contae
Grianghraf/Pictúir:	

Is maith liom _____ mar _____


Imríonn sé/sí le _____

Chaitheann sé/sí geansaí _____

Scríobh cúig line faoin cluiche a chonaic tú: _____



Cárta 1E: Crosfhocal

**Trasna**

2. Faigheann tú trí phointe
4. Tá cárta dearg aige/aice
6. Ardaíonn an captaen é
7. Piocann sé an fhoireann.
8. Séideann an réitóir é

Síos

1. An áit a imríonn tú an cluiche
2. Nuair a théann liathróid thar an trasnán
3. Buailleann tú é san iomáint
5. Dath Chontae Chorcaí.



Cárta 1F: Foireann _____

1. _____

Cúl Báire

2. _____

Lán Chúlaí deas

3. _____

Lán Chúlaí lár

4. _____

Lán Chúlaí clé

5. _____

Leath Chúlaí dheas

6. _____

Leath Chúlaí lár

7. _____

Leath Chúlaí clé

8. _____

Lár Páirce

9. _____

Lár Páirce

10. _____

Leath Thosaí dheas

11. _____

Leath Thosaí lár

12. _____

Leath Thosaí clé

13. _____

Lán Tosaí deas

14. _____

Lán Tosaí

15. _____

Lán Tosaí clé

Cé hé/hí an cúl báire? Is é/í _____ an cúl báire.

Cé a n-imríonn mar lán tosaí? Imríonn _____ mar lán tosaí.

Cé a n-imríonn i lár na bpáirce? Imríonn _____ i lár na bpáirce.



Cárta 1G: Páirc an Chrócaigh

An Cluiche Mór I bPáirc an Chrócaigh

Mí Lúnasa a bhí ann agus bhí sceitimíní ar Seán Ó Sé. Bhí Dún na nGall agus Baile Átha Cliath ag imirt i bPáirc an Chrócaigh. Bhí sé ag dul go dtí an cluiche le a chlann mar bhí sé ag imirt sa “Go-Games Blitz” ag leath ama. D’fhág sé a theach ag a deich a chlog agus shroich sé Páirc an Chrócaigh ag leathuair tar éis a h-aon déag. Bhuail sé lena mhúinteoir agus le paistí ó scoileanna ar fud an tír. Dith sé lón deas agus fuair sé geansaí peil Dún na nGall le stocáí glas agus briste bán.

Thosaigh an cluiche mór ag a trí a chlog agus bhí na foirne ag cómhscór ag leath-ama. Ansin bhí sé am chun dul amach ar an bpáirc. Nuair a shiúil Seán amach chonaic sé a chlann i Árdán Uí Ógáin. Shéid an réiteoir an fheadóg agus thosaigh siad ag imirt. Rug Seán ar an liathróid agus fuair sé scór agus thosaigh an slua ag screadaíl. Tar éis deich nóiméad shéid an réiteoir an fheadóg arís agus bhí an cluiche thart. Shiúl na fóirne ar ais go dtí na seomraí feistís. Tháinig Dún na nGall agus Baile Átha Cliath amach ar an bpáirc arís agus thosaigh an dara leath. Fuair Dún na nGall cic éirice agus bhuaigh siad an cluiche. Tar éis an cluiche bhuail Seán le himreoirí Baile Átha Cliath agus fuair sé geansaí ón Chaptaen na Fóirne. Bhain sé an taitneamh as an lá.

Ceisteanna

1. Cé a bhí ag imirt an cluiche mór?
2. Cén scór a bhí ann ag leath-ama?
3. Cé a bhuaigh an cluiche?
4. Cén fath a bhí sceitimíní ar Sheán?
5. Cén t-am a fhág Seán a theach?
6. An raibh siad ag imirt an “Go-Games Blitz” roimh an cluiche mhór?
7. Cén geansaí a chaith Seán i rith an cluiche?
8. Cá raibh a chlann ina suí?
9. Cá fhad a bhí an cluiche ag leath-ama?
10. Céard a fuair Seán ón chaptaen Bhaile Átha Cliath?



Cárta 1H: Cleachtaí Gramadaí

A) Lión na bearnaí sa bhosca

Inné	Gach Lá	Amárach
Bhí		
Tháinig		
Chuaigh		
Bhuail		
Shuigh		

B) Léigh an scéal seo

An Satharn seo caite bhí an ghrian ag taitneamh. Bhí Seán agus Máire ag iomáint sa pháirc. Tháinig Stiofáin ag a cúig a chlog agus chonaic sé an bheirt ag imirt. Ní féidir leis imirt mar rinne sé dearmad ar a chamán. Chuaigh sé abhaile agus fuair sé a chamán. Rith sé ar ais go dtí an pháirc. Bhuail Seán an sliotar dó agus rug Stiofáin air. Rinne said cúl agus bhí cluiche acu. Tar éis an cluiche shuigh siad síos agus d'ól siad buidéal uisce.

1) Scríobh an scéal arís san Aimsir Láithreach ag tosú:

Gach Satharn....

2) Scríobh an scéal san Aimsir Fháistineach.

An Satharn seo chughainn....

C) Cuir isteach na focail ceart

1. Imríonn Ciarán Whelan _____ (i/ag) lár na páirce.
2. Thug an Uachtarán an chorn _____ (do/ó) Kieran McGeeney.
3. Imríonn Eoin Kelly _____ (le/ag) Tiobraid Árinn.
4. Bhuail Henry Shefflin an sliotar _____ (thar/ar) an trasnán.
5. Rug Colm Cooper _____ (ar/ag) an liathróid.



1 GAEILGE

BILEOGA OIBRE 1A - 1I

BILEOGA OIBRE AN DALTA

Cárta 1I: Gramadach

mé:	mo + h:	mo gheansaí	sinn:	ár + urú:	ár mbrógaí peile
tú:	do + h:	do bhríste	sibh:	bhur + urú:	bhur ngeansaithe peile
sé:	a + h:	a chamán	siad:	a + urú:	a gcamán
sí:	a	a camán			

A Líon na bearnaí

1. D'fhág Seán a _____ (teach) ag a deich a chlog. (sé)
2. Tá Síle ina _____ (cónaí) i Luimneach. (sí)
3. Bhí mé i mo _____ (súí) i Árdán uí Ógáin. (mé)
4. Conas a ghortaigh tú do _____ (cos)? (tú)
5. "Cuir ort bhur _____ (brógaí) peile" arsa an bainisteoir. (sibh)
6. Chuaigh na paistí agus a _____ (cairde) go dtí an cluiche. (siad)
7. "Tosóidh ár _____ (cluiche) ag a trí a chlog" arsa an chaptaen. (sinn)
8. Chaill Liam a _____ (clogad)
9. D'fhág Úna a _____ (camán) sa seomra feistis.
10. Chuir mé mo _____ (geansaí) i mo mhála.

B Faigh an strainséir

1. clogad, caipín, hata, geansaí, _____
2. liathróid láimhe, leadóg, iománaíocht, rugbaí, _____
3. ag imirt, ag iomáint, ag ciceáil, ag féachaint, _____
4. feadóg, leabhar nótaí, uaireadóir, camán, _____
5. imreoir, réiteoir, cúlbaire, liathróid, _____
6. Port Lairge, Ciarraí, Corcaigh, Loch Garman, _____
7. Gaillimh, Sligeach, Ros Comáin, Tír Eoghain, _____

